Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Samhain 2026
(OR. en)

15472/26

ECOFIN 1426
UEM 493
STATIS 76
ECB

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Staidreamh Eorpach – Conclúidí 2026 ón gComhairle maidir le Staidreamh an Aontais Eorpaigh (an 9 Samhain 2026)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, Conclúidí 2026 ón gComhairle maidir le staidreamh Eorpach, mar a d'fhormheas an Chomhairle (Ecofin) iad ag an 4206ú cruinniú a bhí aici an 9 Samhain 2026.

Conclúidí 2026 ón gComhairle
maidir le staidreamh Eorpach

Ghlac an Chomhairle na conclúidí seo a leanas:

I bhfianaise na dtosaíochtaí a leagadh síos roimhe seo sna conclúidí ón gComhairle ó mhí na Samhna 2025 maidir le staidreamh Eorpach, go háirithe maidir leis an Tuarascáil Stádais ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais maidir le ceanglais faisnéise san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA), agus tosaíochtaí polaitiúla an Aontais don tréimhse 2024 go 2029 á gcur san áireamh, tá athbhreithniú déanta ag an gComhairle ar an dul chun cinn atá déanta maidir le ceanglais faisnéise in AEA, staidreamh faoin nós imeachta um easnamh iomarcach, faireachas ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha agus staidreamh struchtúrach.

An Córas Staidrimh Eorpach a bheidh ann amach anseo a fhorbairt

DEARBHAÍONN an Chomhairle GUR DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme Rialachán athbhreithnithe (CE) Uimh. 223/2009 agus MOLANN SÍ don Chóras Staidrimh Eorpach (CSE) leas iomlán a bhaint as na forálacha lena dtugtar rochtain ar fhoinsí sonraí riaracháin agus ar fhoinsí sonraí atá i seilbh phríobháideach agus bealaí éifeachtacha a bhunú chun dul i dteagmháil le sealbhóirí sonraí. Sa chomhthéacs sin, IARRANN an Chomhairle ar na Ballstáit tuilleadh oibre a dhéanamh ar chomhroinnt sonraí chun críoch staidrimh d'fhonn an t-ualach tuairiscithe a laghdú.

DEARBHAÍONN an Chomhairle GUR DÍOL SÁSAIMH DI na tosaíochtaí straitéiseacha chun feabhas a chur ar ullmhacht CSE i ndáil leis an intleacht shaorga (IS) mar a d'fhormhuinigh Coiste CSE, lena n-áirítear úsáid fhreagrach IS le haghaidh táirgeadh staidrimh, scaipeadh staidrimh oifigiúil Eorpaigh a ullmhú do ré IS, glacadh IS in oibríochtaí institiúidí staidrimh náisiúnta agus Eurostat, agus glacadh IS agus a thionchar ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí a mheas. CUIREANN an Chomhairle I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé cáilíocht, trédhearcacht, slándáil agus maoirseacht iomchuí dhaonna ar úsáid IS i staidreamh oifigiúil a áirithiú.

DEARBHAÍONN an Chomhairle GUR DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí a rinneadh chun an dlúthchomhar idir CSE agus an Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC) a neartú a thuilleadh chun Staidreamh Eorpach a tháirgeadh agus a úsáid, mar a léirítear freisin sna tosaíochtaí straitéiseacha comhaontaithe le haghaidh comhar staidrimh idir CSE agus CEBC sna 5 bliana amach romhainn.

ATHDHEARBHAÍONN an Chomhairle an gá atá le hacmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais chun staidreamh oifigiúil Eorpach ardcháilíochta a chruthú agus LEAGANN SÍ BÉIM AR an ngá atá leis na hacmhainní spriocdhírithe sin a chur ar fáil, lena n-áirítear i gcur chun feidhme Chóras Eorpach na gCuntas Náisiúnta nuashonraithe agus le haghaidh tionscadail lena gcuirtear foinsí sonraí riaracháin agus foinsí sonraí eile atá ann cheana agus foinsí sonraí nua in ionad bailiú díreach sonraí.

Simpliú

TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE an obair leanúnach atá á déanamh ar shimpliú agus ar an ualach riaracháin sa staidreamh oifigiúil Eorpach a laghdú, agus a ábharthacht agus a ról mar bhonn fónta do cheapadh beartais fianaisebhunaithe á gcoinneáil ag an am céanna. DEARBHAÍONN an Chomhairle GUR DÍOL SÁSAIMH DI na conclúidí ó Chruinniú Ardleibhéil CSE a tionóladh i mBaile Átha Cliath an 3 agus an 4 Meán Fómhair faoi Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an treochlár a comhaontaíodh.

TATHANTAÍONN an Chomhairle ar CSE dlús a chur leis an obair atá ar bun aige chun torthaí intomhaiste i ndáil le simpliú agus laghdú ualaigh a bhaint amach trí threochlár gníomhaíochtaí a chur chun feidhme, agus aird á tabhairt ar an ngá atá le 'prionsabal na haonuaire' a threisiú agus, ar an gcaoi sin, athúsáid foinsí sonraí riaracháin atá ann cheana agus foinsí sonraí atá i seilbh phríobháideach a chur chun cinn chun críoch staidrimh. IARRANN an Chomhairle go ndéanfaí tosaíocht chothromaithe de riachtanais na n-úsáideoirí, na costais agus an t-ualach tuairiscithe agus MOLANN SÍ don Choimisiún tuairisciú go tráthrialta maidir leis an dul chun cinn a dhéanfar. IARRANN an Chomhairle ar an gCoimisiún an chéad phacáiste a fhorbairt in 2027 lena ndíreofar ar shimpliú agus ar an ualach riaracháin a shimpliú agus a laghdú i ngníomhartha tarmligthe agus i ngníomhartha cur chun feidhme. MOLANN an Chomhairle athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar na ceanglais dhlíthiúla atá ann cheana, d'fhonn na ceanglais sin a laghdú nó deireadh a chur leo i gcás inarb iomchuí.

Tuarascáil Stádais 2026 ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais maidir le Ceanglais Faisnéise in AEA

TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE na feabhsuithe breise a cuireadh ar cháilíocht agus infhaighteacht na bPríomhtháscairí Eacnamaíocha Eorpacha agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an ról tábhachtach leanúnach atá ag na Príomhtháscairí Eacnamaíocha Eorpacha mar bhonn chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí eacnamaíocha gearrthéarmacha. MOLANN an Chomhairle an obair staidrimh thábhachtach atá á déanamh faoi Thionscnamh G20 maidir le Bearnaí Sonraí. DEARBHAÍONN an Chomhairle GUR DÍOL SÁSAIMH DI an nuashonrú ar aicmiú an Innéacs Chomhchuibhithe Praghsanna do Thomhaltóirí a cuireadh i gcrích, lena n-áirithítear a inchomparáideacht idirnáisiúnta agus a thábhacht don chinnteoireacht.

Staidreamh faoin gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis agus faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha

DEARBHAÍONN an Chomhairle GUR DÍOL SÁSAIMH DI soláthar leanúnach staidrimh airgeadais rialtais ardcháilíochta don Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis. AITHNÍONN SÍ an obair dearbhaithe cáilíochta a rinneadh ar staidreamh a bhaineann leis an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha (MIP) agus MOLANN SÍ do na Ballstáit gníomhú de réir na moltaí a sainaithníodh sa tuarascáil bhliantúil ar mheasúnú cáilíochta CSE-CEBC a d'ullmhaigh Eurostat agus Ard-Stiúrthóireacht Staidrimh BCE.

Staidreamh maicreacnamaíoch

TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún tograí reachtacha a thabhairt chun cinn faoi dheireadh 2026 maidir leis an nuashonrú a dhéanfar amach anseo ar an gCóras Cuntas Eorpach (CCE 2030) agus maidir le leasú a dhéanamh ar an Rialachán maidir le comhardú na n-íocaíochtaí (Rialachán (CE) Uimh. 184/2005) chun ailíniú le córas domhanda cuntas náisiúnta na Náisiún Aontaithe (CCN 2025) agus leis an lámhleabhar maidir le Comhardú na nÍocaíochtaí (BPM7) a áirithiú agus chun feabhas mór a chur ar mheasúnú na digiteála, an domhandaithe, na dea-bhaile agus na hinbhuanaitheachta, bunaithe ar fhoinsí agus modhanna sonraí iontaofa agus láidre. DEARBHAÍONN an Chomhairle GUR DÍOL SÁSAIMH DI comhordú CSE agus CEBC i bhforbairt agus i gcur chun feidhme na gceanglas nua staidrimh.

Staidreamh maidir le cosaint na hEorpa

DEARBHAÍONN an Chomhairle GUR DÍOL SÁSAIMH DI soláthar sonraí tráthúla ó údaráis staidrimh náisiúnta maidir le caiteachas cosanta mar a shainítear i gcuntais náisiúnta agus caiteachas, lena n-áirítear iad siúd faoi ionstraim SAFE mar chuid de thuairisciú an nós imeachta um easnamh iomarcach do Eurostat, agus chun na Clásail Éalaithe Náisiúnta a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach. CUIREANN an Chomhairle I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá idirphlé agus comhordú feabhsaithe idir na húdaráis náisiúnta maidir le staidreamh inchomparáide, iontaofa agus tráthúil ar chaiteachas cosanta a chur ar fáil. DEARBHAÍONN an Chomhairle GUR DÍOL SÁSAIMH DI forbairt threoir Eurostat maidir le taifeadadh staidrimh comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí le haghaidh bonneagar cosanta.

Staidrimh maidir leis an tithíocht

DEARBHAÍONN an Chomhairle GUR DÍOL SÁSAIMH DI gur foilsíodh deais tithíochta Eurostat agus GUR DÍOL SÁSAIMH DI rannchuidiú CSE leis an bhfaireachán ar an staid tithíochta san Eoraip i gcomhréir leis an bPlean um Thithíocht Inacmhainne. MOLANN SÍ an obair leanúnach atá á déanamh ar thráthúlacht agus infhaighteacht staidrimh maidir leis an tithíocht a fheabhsú.

Staidreamh le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe fuinnimh

CUIREANN an Chomhairle I bhFIOS GO LÁIDIR rannchuidiú bunriachtanach an staidrimh Eorpaigh chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú fuinnimh. TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE an chéad bhailiú éigeantach sonraí maidir le cuntais éiceachórais, lena gcuirtear sonraí ar fáil do bheartais théamacha a bhaineann le caipiteal nádúrtha, bithéagsúlacht, aeráid, uisce agus foraoiseacht. DEARBHAÍONN an Chomhairle GUR DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí leanúnacha comhair atá á ndéanamh ag CSE agus CEBC chun táscairí a bhaineann leis an aeráid a fhorbairt.

Staidreamh talmhaíochta

TÁ an Chomhairle AG SÚIL LEIS an togra reachtach ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir le Staidreamh Comhtháite Feirme, a mheastar a bheidh ina bhonn le bailiú sonraí feirme ón tréimhse 2030-2039, a chuirfidh feabhas ar éifeachtúlacht agus a laghdóidh an t-ualach tuairiscithe ar fheirmeoirí, lena n-áirítear trí athúsáid mhéadaithe a bhaint as foinsí sonraí riaracháin agus as foinsí nua sonraí digiteacha.

Staidreamh maidir le déimeagrafaíocht agus imirce

LEAGANN an Chomhairle BÉIM ar a thábhachtaí atá staidreamh ardcháilíochta daonra Eorpach chun beartais an Aontais a cheapadh agus TÁ SÍ AG SÚIL LE cur chun feidhme tráthúil Rialachán (AE) 2025/2458 maidir le Staidreamh Eorpach maidir leis an Daonra agus le Tithíocht, is infheidhme ó 2028.

DEARBHAÍONN an Chomhairle GUR DÍOL SÁSAIMH DI gur fhoilsigh Eurostat réamh-mheastacháin fhadtéarmacha daonra don tréimhse 2025 go 2100. AITHNÍONN an Chomhairle na socruithe nua a comhaontaíodh idir Eurostat agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann chun staidreamh Eorpach maidir le cosaint idirnáisiúnta a sholáthar ar bhonn níos tráthúla, rud a fhágfaidh go laghdófar an t-ualach tuairiscithe ar na Ballstáit.

Staidreamh an mhargaidh saothair

DEARBHAÍONN an Chomhairle GUR DÍOL SÁSAIMH DI iarrachtaí CSE sonraí nua maidir leis an margadh saothair a chur ar fáil i gcomhthéacs thionchair an tsoláthair saothair ar iomaíochas an Aontais, mar shampla trí rátaí turgnamhacha folúntas a scaoileadh de réir slí bheatha mhionsonraithe agus de réir réigiúin mhionsonraithe, tríd an modúl leanúnach AE-SFS maidir le fostaíocht ar ardáin dhigiteacha, agus trí shonraí a fhoilsiú maidir le daoine óga i margadh an tsaothair.

Staidreamh turasóireachta

AITHNÍONN an Chomhairle tiomantas CSE staidreamh turasóireachta a nuachóiriú, go háirithe chun feabhas a chur ar an tuiscint ar ghné eacnamaíoch na turasóireachta agus ar an tionchar atá aici ar mhargadh an tsaothair agus ar phobail áitiúla. MOLANN an Chomhairle obair leantach a dhéanamh agus TÁ SÍ AG SÚIL LEIS an togra atá le teacht ón gCoimisiún maidir le leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 692/2011 maidir le staidreamh Eorpach ar thurasóireacht.

An 18ú tuarascáil ón mBord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach (ESGAB) maidir le cur chun feidhme Chód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh

TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE an 18ú tuarascáil ón mBord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach, ina dtugtar forléargas neamhspleách ar an gCóras Staidrimh Eorpach a mhéid a bhaineann leis an gCód Cleachtais a chur chun feidhme, mar aon le moltaí maidir lena neartú amach anseo.